Scannal sa Tuaisceart

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi Peter Robinson agus a bhean Iris, polaiteoirí Thuaisceart Éireann. Sula bhféachann tú ar an mhír, áfach, labhair leis an duine in aice leat faoin mhéid atá ar eolas agaibh cheana faoin scéal seo.

Ceist 2 Agus tú ag féachaint ar an tuairisc anois déan iarracht an leagan Gaeilge de na frásaí seo a aimsiú. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

1. aside _____
2. temporarily _____
3. to deal with _____
4. allegations _____
5. to succeed (title) _____
6. there would be the danger _____
7. to investigate the allegations _____
8. acute psychiatric care _____
9. a much respected woman _____
10. decentralisation of powers _____
11. focusing on _____
12. serious thinking _____
13. patience _____

Ceist 3 Bí ag obair leis an duine in aice leat – scríobhaigí achoimre ar an tuairisc anois. Ná téigí thar chúig líne.

Ceist 4 ‘bean *a bhfuil* ardmheas uirthi’

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail a bhfuil *cló iodálach* orthu thuas?

(b) Cuir Gaeilge ar na habairtí seo anois:

1. That’s the woman who was here yesterday.
2. That’s the woman whose son was here yesterday.
3. I went to school with him.
4. I went to school with that man’s son.
5. There is the girl who was very scared yesterday by the dog’s barking.
6. There is the girl with the dog we saw yesterday.
7. That’s the boy I was talking to yesterday.
8. That’s the boy who was listening to the loud music.
9. That’s the office she was working in.
10. I worked in that office.

(c) Cum ceisteanna leis na focail seo a thosaíonn le c. Bí cúramach – baintear úsáid as an gclásal coibhneasta díreach le cuid acu agus an clásal coibhneasta indíreach leis an chuid eile.

Conas . . .?
Cén chaoi . . .?
Cé . . .?
Cathain . . .?
Céard . . .?
Cad chuige . . .?
Cén tslí . . .?

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine i do ghrúpa:

Ar cheart do pholaiteoirí a dtuairimí a nochtadh faoi chúrsaí creidimh?
Cén bhaint atá ag saol pearsanta an pholaiteora lena chuid oibre?
An bhfuil suim agat i gcúrsaí polaitíochta an Tuaiscirt?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Abair leis na foghlaimeoirí a bhfuil ar eolas acu faoin scéal seo a phlé ina mbeirteanna.

Ceist 2

1. aside *ar leataobh*
2. temporarily *go sealadach*
3. to deal with *dul i ngleic le*
4. allegations *líomhaintí*
5. to succeed (title) *teacht i gcomharbas ar / i gcomharbacht ar*
6. there would be the danger *go mbeadh baol ann*
7. to investigate the allegations *na líomhaintí a fhiosrú*
8. acute psychiatric care *géarchúram síciatrach*
9. a much respected woman *bean a bhfuil ardmheas uirthi*
10. decentralisation of powers *dílárú na gcumhachtaí*
11. focusing on *ag díriú ar*
12. serious thinking *dianmhachnamh*
13. patience *foighne*

Ceist 3

Tabhair deis dóibh achoimre ghairid a scríobh.

Ceist 4

(a) An coibhneasta indíreach

(b)
1. Sin an bhean a bhí anseo inné.
2. Sin an bhean a raibh a mac anseo inné.
3. Chuaigh mé ar scoil leis leis.
4. Chuaigh mé ar scoil le mac an fhir sin.
5. Sin an cailín a raibh an-eagla uirthi inné nuair a bhí an madra ag tafann.
6. Sin an cailín leis an mhadra a chonaic muid inné.
7. Sin an buachaill a raibh mé ag caint leis inné.
8. Sin an buachaill a bhí ag éisteacht leis an cheol ard.
9. Sin an oifig a raibh sí ag abair inti.
10. D'oibrigh mé san oifig sin.

c)
Conas atá tú? (díreach)
Cén chaoi a bhfuil tú? (indíreach)
Cé atá ag teacht anocht? (díreach)
Cathain a bheidh sé ar siúl? (díreach)
Céard atá i gceist? (díreach)
Cad chuige a ndearna tú é sin? (indíreach)
Cén tslí a dtéann tú ann? (indíreach)

Ceist 5
Tabhair deis do na foghlaimeoirí tamall cainte a dhéanamh.

Scannal sa Tuaisceart

Emer Ní Chonaola
Tá Peter Robinson ag seasamh ar leataobh go sealadach mar Chéad-Aire Thuaisceart Éireann le dul i ngleic le líomhaintí a rinneadh[1] le seachtain anuas faoi ghnóthaí airgeadais a mhná céile, Iris. Inniu sheas baill an DUP leis, ag rá go bhfuil tacaíocht iomlán an pháirtí ag Peter Robinson. Leanfaidh sé ina cheannaire ar an DUP. Is í Arlene Foster, an tAire Fiontair, Trádála agus Infheistíochta a thiocfaidh[2] i gcomharbacht air mar Chéad-Aire ar feadh sé seachtainí. Agus liom anois ónár stiúideo i mBéal Feirste tá ár dtuairisceoir Áine Ní Ghallchóir. Anois, a Áine, tá Peter Robinson ag seasamh ar leataobh mar Chéad-Aire ar feadh tamaillín. An raibh aon rogha eile aige?

Áine Ní Ghallchóir
Bhuel a Emer, sílim dá n-éireodh Peter as go hiomlán inniu go mbeadh baol ann go dtitfeadh rialtas Stormont. Má fhéachann[3] muid siar go dtí 2001, d'éirigh David Trimble as a phost mar Chéad-Aire ar feadh tréimhse sealadach fosta, tréimhse cúig mhí ach phill sé ina phost ina dhiaidh sin. Agus, mar a dúirt Peter Robinson ansin tráthnóna inniu – beidh deis ag na hoifigí anois sa Roinn Airgeadais i Stormont na fiosrúcháin ar líomhaintí ina éadan a fhiosrú, agus fosta dúirt Peter Robinson go mbeadh sé ag iarraidh am a chaitheamh lena bheirt mhac agus a iníon, agus fosta lena bhean chéile Iris Robinson atá ag fáil géarchúram síciatrach san am i láthair. Suimiúil go leor inniu fosta, ná, an té a tháinig i gcomharbacht air – bean sa chéad dul síos, is dócha. Seo an chéad bhean a raibh ról chomh sinsearach sin aici sa DUP. Fosta, bean as Fear Manach, bean a d'aistrigh ón UUP go dtí an DUP i 2004, ach bean a bhfuil ardmheas uirthi sa pháirtí sin agus fosta i measc páirtithe thuaidh agus theas.

Emer Ní Chonaola
Anois, a Áine, cén tionchar a bheidh [4] aige seo ar dhílárú na gcumhachtaí dlí, cirt agus póilíneachta as Westminster go Stormont?

Áine Ní Ghallchóir
Bhuel, dúirt Gerry Adams ansin tráthnóna go bhfuil Sinn Féin ag dul isteach i gcruinniú leis an DUP anocht leis an ábhar seo ar fad a phlé, agus dúirt Peter Robinson níos luaithe go mbeadh sé ag díriú ar chainteanna le Sinn Féin sna seachtainí amach romhainn le teacht [5] ar shocrú. Ach is cinnte go mbeidh Sinn Féin ag déanamh dianmhachnaimh ar an cheist seo ar fad anocht agus na laethanta amach romhainn. Ná, ní shílim i ndáiríre go mbeidh foighne acu fanacht sé seachtainí eile go dtí go bpillfidh Peter Robinson ina phost mar Chéad-Aire. Sílim go mbeidh siad sin ag iarraidh teacht ar shocrú go luath, fiú chomh luath le deireadh na seachtaine seo.

Emer Ní Chonaola
Míle buíochas as sin a Áine. Áine Ní Ghallchóir ansin i mBéal Feirste.

---

[1] dinneadh a deirtear
[2] thiocas a deirtear
[3] chuimhnímid a deirtear
[4] bheas a deirtear
[5] theacht a deirtear